



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland

# Cosaint Sonraí – Prótacal um Obair go Sábháilte

Arna ullmhú ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

# Cosaint Sonraí – Prótacal um Obair go Sábháilte: Treoir mhíniúcháin d’fhostóirí agus oibrithe

Doiciméad treorach is ea an *Prótacal um Obair go Sábháilte* ar an gcaoi le bainistiú agus laghdú a dhéanamh ar leathnú COVID-19 san ionad oibre. Tá sé ceaptha le cuidiú leis na hionaid oibre go léir measúnuithe a dhéanamh agus a chinntiú go mbeidh a nósanna imeachta agus cleachtais san ionad oibre ag cloí leis na bearta COVID-19 i dtaca le cosaint sláinte poiblí. Ullmhaíodh an doiciméad treorach seo chun cuidiú leis an soiléiriú riachtanach a sholáthar d’Fhostóirí (agus a n-ionadaithe) más rud é go mbeadh próiseáil ar shonraí pearsanta ann mar thoradh ar na bearta a leagtar amach sa phrótacal. Seo le cur ar chumas fostóirí measúnú a dhéanamh ar a n-oibleagáidí faoin [Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí](#) (“an RGCS”) agus [an tAcht um Chosaint Sonraí 2018](#). Leagtar amach ann freisin an ról atá le bheith ag Oibrithe sa phróiseas sin. Ba chóir an doiciméad seo a léamh i gcomhar le treoir eisithe ag an gCoimisiún um Chosaint Sonraí [www.dataprotection.ie](http://www.dataprotection.ie).

Tugann an treoir seo a leanas aghaidh ar roinnt de na mórcheistean a bhaineann le cosaint sonraí i gcomhthéacs an *Phrótacail um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte*. Níl sé uileghabhálach agus ba chóir do na Fostóirí uile é a bhreithniú i gcomhthéacs a dtimpeallachta oibre féin.

## **Treoir faoi ghnéithe sonracha sa Phrótacal um Obair go Sábháilte**

### **1. Beart – An Plean Freagartha COVID-19 a Fhorbairt agus/nó a Nuashonrú easure**

Roimh fhilleadh ar obair, **déanfaidh Fostóirí na nithe seo a leanas:**

*fachtóirí riosca aonair oibrithe a chur san áireamh (e.g. oibrithe níos sine, bunghalair a bheith ann, etc.).*

### **Nóta Treorach:**

Is féidir le COVID-19 tinneas tromchúiseach a chur ar dhuine ar bith, ach do roinnt daoine is mó go mór an riosca – féach [Treoir ón FSS](#) le haghaidh tuilleadh eolais. Ba chóir d’Fhostóir an gníomh seo a dhéanamh nuair a thugann Oibrí le fios go bhfuil fachtóir riosca ann (e.g. tugann Oibrí le fios

do Bhainisteoir go bhfuil riosca níos airde rompu de bharr cúinse sláinte bunúsach atá acu, nó fachtóir riosca eile, nó gur thug siad *Eolas Breise* i dtaca le Ceist 6 ar an bhfoirm *COVID-19 – Foirm um Fhilleadh ar an Obair*). Ba chóir d’Fhostóirí a chinntiú freisin go bhfuil Oibrithe ar an eolas faoin gcaoi leis na fachtóirí riosca seo a phlé faoi rún le Bainisteoirí san Ionad Oibre.

Tá an beart seo dírithe ar thacaí breise a sholáthar do na hOibrithe sin san Ionad Oibre.

Ba chóir d’fhostóirí a chinntiú go gcaithfear le gach eolas leighis faoi rún. Tá sé tábhachtach a mheabhrú go dtiteann eolas leighis faoin gcatagóir íogaireach de *Shonraí Pearsanta i Gcatagóir Speisialta* faoin [RGCS](#) agus dlithe maidir le cosaint sonraí. Ciallaíonn sé sin go mbíonn níos mó de chosaint air, fiú, ná gnáth-Shonraí Pearsanta mar thoradh ar a nádúr íogair. Bealach simplí amháin chun é seo a bhaint amach is ea duine (nó daoine) ainmnithe a bheith ann chun an próiseas seo a mhaoirsiú san Ionad Oibre (i.e. bonn *riachtanas eolais*).

Ba chóir d’Fhostóirí freisin a chinntiú nach mbaileofar ach an t-íosmhéid d’eolas leighis.

Ba chóir Fógraí Príobháideachta agus polasaithe i dtaca le cosaint sonraí atá ann cheana a nuashonrú agus a sholáthar do na hOibrithe uile, ag leagan amach conas a dhéanfar an t-eolas leighis seo a úsáid, a stóráil go daingean agus a scrios sa deireadh thiar thall nuair nach mbeidh gá leis an eolas a thuilleadh.

## **2. Beart - Polasaithe agus nósanna imeachta a fhorbairt nó a leasú chun sainaithint agus leithlisiú a dhéanamh ar oibrithe a d’fhéadfadh siomptóim COVID-19 a bheith orthu, mar is cuí**

### **Déanfaidh Fostóirí:**

*loga a choimeád de theagmhail/grúpobair chun cuidiú le rianú teagmhálaithe.*

### **Nóta Treorach:**

Ba chóir d’Fhostóirí loga a choimeád de Theagmháil/Grúpobair d’Oibrithe atá i ngartheagmháil ar feadh tréimhsí breisithe den seal oibre (e.g. ag obair le chéile i spásanna ina bhféadfaidh sé bheith deacair scaradh sóisialta a choinneáil). Ba chóir an bhrí atá le gartheagmháil sa

chomhthéacs seo a bheith bunaithe ar threoir eisithe ag na hÚdaráis Sláinte Poiblí.

Ba chóir an úsáid a bhainfear as Sonraí Pearsanta atá sna Logaí seo a bheith srianta don íosmhéid de Shonraí Pearsanta atá de dhíth (*íosmhéadú sonraí*) agus níos chóir iad a úsáid ach do nósanna imeachta oifigiúla FSS do Rianú Teagmhálaithe, go príomha d'fhonn cuidiú le nósanna imeachta oifigiúla FSS do Rianú Teagmhálaithe agus cuidiú le hOibrithe mar "*chúnamh cuimhne*" chun eolas ábhartha a sholáthar maidir leis na daoine a raibh teagmháil acu leo chuig FSS. Níor chóir d'Fhostóirí an t-eolas atá sa Log a úsáid ar aon chúis eile. Ba chóir coimeád agus úsáid eolais um Rianú Teagmhálaithe a dhéanamh ag cloí go docht le treoirínte FSS.

### **3. Beart - Bearta um Chosc agus Rialú COVID-19 a Chur i bhFeidhm chun an Riosca d'Oibrithe a Íoslaghdú.**

#### **Ní mór d'Fhostóirí:**

- *foirm réamh-fhillte ar obair a bhunú agus a eisiúint le líonadh isteach ag oibrithe 3 lá ar a laghad roimh fhilleadh ar an obair. Ba chóir go lorgófaí ar an bhfoirm seo dearbhú, chomh fada agus is eol dóibh, nach bhfuil aon siomptóim de COVID-19 ar an oibrí agus dearbhú freisin nach bhfuil an t-oibrí ag féin-aonrú ná ag feitheamh ar thorthaí ó thástáil COVID-19.*

#### **Nóta Treorach:**

Is é an cuspóir atá leis an bhFoirm seo ná Oibrithe a chur ar an eolas faoi siomptóim COVID-19 sula rachaidh siad isteach san Ionad Oibre agus, b'fhéidir, iad féin nó daoine eile a chur i mbaol an ionfhabhtaithe, agus cur ar chumas Fostóirí cinntí oilte a dhéanamh faoi fhilleadh fostaithe ar an ionad oibre. Ba chóir go mbainfí úsáid as an bhFoirm chun a léiriú d'Oibrithe an the dualgas cúraim atá orthu i dtaca le hOibrithe eile agus cur i gcuimhne dóibh, má tá siad tinn, gur chóir dóibh dul i gcomhairle le Cleachtóir Leighis agus gan dul isteach san Ionad Oibre. Iarrtar ar an Oibrí san Fhoirm eolas sonracha a thabhairt a bhaineann le COVID-19 d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas go iomlán faoi riachtanais Sláinte Poiblí agus go bhfuil siad ag cloí leo.

Táthar ag iarraidh ar Oibrithe freisin a rá le Bainisteoir má thagann athrú ar a siomptóim i ndiaidh dóibh an Fhoirm a líonadh isteach cheana féin agus a chur faoi bhráid a bhFostóra.

Níor chóir don bhFostóir an Fhoirm seo a choimeád ach í a dhiúscairt nó a scrios go sábháilte a luaithe agus a bheidh an tOibrí tar éis filleadh an Ionad Oibre nó is féidir í a thabhairt ar ais don Oibrí ag pointe iontrála san Ionad Oibre.

- *tástáil teochta a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an gcomhairle i dtaca le Sláinte Phoiblí.*

#### **Nóta Treorach:**

Níor chóir d'Fhostóirí an beart seo a dhéanamh ach amháin i gcomhar le comhairle Sláinte Poiblí. Níl gá taifead a dhéanamh ar thástálacha teochta in éineacht le hainmneacha ní íomhánna Oibrithe. Is í an chúis le teocht Oibrí a ghlacadh ná a thabhairt le fios don Oibrí má tá teocht ardaithe acu – ceann de na siomptóim d'ionfhabhtú féideartha COVID-19. Níor chóir tástáil teochta a dhéanamh ach amháin i gcomhar le comhairle sláinte poiblí.

#### **4. Beart - Bearta um Chosc agus Rialú COVID-19 a Chur i bhFeidhm chun an Riosca d'Oibrithe a Íoslaghdú**

#### **Ní mór d'Oibrithe:**

an fhoirm réamh-fhillte ar obair a líonadh isteach agus a chur ar ais sula bhfillfidh siad ar obair.

#### **Nóta Treorach:**

Níor chóir don bhFostóir an Fhoirm seo a choimeád ach í a dhiúscairt nó a scrios go sábháilte a luaithe agus a bheidh an tOibrí tar éis filleadh an Ionad Oibre nó is féidir í a thabhairt ar ais don Oibrí ag pointe iontrála san Ionad Oibre.